

4. IMRÉITEACH



Fágann 70-80% d'Othair an Rannóg Éigeandála tar éis measúnaithe nó cóireála



Má theastaíonn tuilleadh cóireála uait, ligfear isteach i mbarda ospidéil nó in aonad cinntí cliniciúla thú



D'fhéadfaí go n-aistreofaí chuig ospidéal eile thú



D'fhéadfaí roinnt daoine a chur díreach chuig sainaonad measúnaithe

Má tá tú ag fanacht ar fhoireann speisialtacha e.g. máinliacht, ortaipéidic nó leigheas srl. Tuig le do thoil go bhféadfaí go bhfuil siad ag déanamh athbhreithniú ar othair eile san ospidéal agus go dtiocfaidh siad chugat chomh luath agus is féidir.

EOLAS ÚSÁIDEACH

- Má theastaíonn faoiseamh pian uait, cuir an altra triáise ar an eolas le do thoil.
- An bhfuil do chuid comharthaí ag athrú nó ag dul in olcas? Má mhothaíonn tú lag nó tinn, ná seas suas le do thoil, cuir in iúl do dhuine éigin glaoch ar an altra triáise chun cabhair a fháil.
- An bhfuil do liosta cógais réidh agat? Seans go mbeidh do chógaslann nó ball teaghlaigh in ann cabhrú leat.
- Tá leithris suite ar chúl an láthair feithimh. Má tá riocht áirithe ort, féadfar sampla fuail a iarraidh. Mura bhfuil tú cinnte, seiceáil leis an altra triáise sula n-úsáideann tú na háiseanna.
- An bhfuil sólaistí uait? Díolann ár meaisíní díola tae, caife agus sneaiceanna. Má tá na meaisíní díola as ord, cuir ball foirne ar an eolas le do thoil. Má tá diaibéitis ort nó gur duine scothaosta an othar, iarr bia le do thoil. B'fhéidir go mbeadh ar dhaoine áirithe troscadh go dtí go bhfeiceann Dochtúir iad. Seiceáil le d'altra triáise le do thoil.
- An bhfuil d'iompar abhaile féin socraithe agat? Mura bhfuil, b'fhéidir gur mhaith leat glaoch ar tacsáí. Féach le do thoil ar ár gclár fógraí sa RÉ a sholáthraíonn uimhreacha na gcomhlachtaí tacsáí áitiúla.

Má bhíonn aon deacracht agat nó má theastaíonn tacaíocht bhreise uait agus tú ag freastal ar ORLTTM, ag fáil cóireála nó le linn do thréimhse mar othar cónaitheach, is féidir lenár dTeagmhálaí Abhcóideachta Othar cabhrú leat agus tacaíocht a thabhairt duit ar do thuras chúram leighis inár n-ospidéal. Is iad na huaireanta oibre don Teagmhálaí Abhcóideachta Othar ná: Luan go hAoine 8:30rn go 4:30in.



Fón
057 93 58117



MRHT.PALS@
hse.ie



Fón
057 93 58076



mrht.yoursay
@hse.ie

IMás mian leat aon aiseolas ginearálta a sholáthar, déan teagmháil le do thoil le:

RANNÓG ÉIGEANDÁLA OSPIDÉAL RÉIGIÚNACH LÁR TÍRE, TULACH MHÓR – EOLAS D'OTHAIR

Bí foighneach le do thoil agus tú ag fanacht le measúnú agus caith lenár bhfoireann le dínit agus le meas.



1. AG CLÁRÚ LINN

CLÁRÚ

Nuair a thagann tú, cláraigh ag an bhfáiltiú.

SCAGTHÁSTÁIL

Nuair a thagann tú isteach, cuirfimid roinnt ceisteanna ort féachaint an bhfuil seans ann go bhfuil riocht ionfhabhtáíoch ort. Is ionas gur féidir linn tú a threorú chuig an áit is fearr sa Rannóg Éigeandála chun gach duine a choinneáil sábháilte.

Ar ghlac tú faoiseamh pian? Is minic gurb é seo an chéad rud a dhéanfaimid, cuir in iúl dúinn má tá pian ort.

Bhí mise anseo ar dtús, cén fáth a bhfuil daoine eile á fheiceáil romham?

D'fhéadfaí go mbeadh roinnt cúiseanna leis seo:

- Tá roinnt scuainí éagsúla i bhfeidhm sa seomra feithimh seo m.sh. clinic athbhreithnithe RÉ.
- D'fhéadfaí go mbeadh daoine ar leith ag fanacht le sainfhoireann/AA (Ardchleachtóir Altranais) a fheiceáil.
- D'fhéadfaí go bhfuil siad ag fanacht ar thorthaí tástálacha.
- D'fhéadfaí go bhfuil siad ag freastal ar chlinic agus á ligean isteach tríd an RÉ.
- D'fhéadfaí go bhfuil cúiseanna práinne ann nach léir duitse go bhfeicfí iadsan romhatsa.

Tá súil againn go dtuigeann tú go bhfeicfear tú agus go ndéanfar cóireáil ort chomh luath agus is féidir

2. MEASÚNÚ

Feidhmíonn Rannóga Éigeandála córas ar a dtugtar Triáis.

Glaitear othair in ord tromchúiseachta a dtinnis nó a ngortuithe, agus ní san ord ina dtagann siad nó conas a thagann siad.

Tabharfar tús áite i gcónaí do riochtaí criticiúla a d'fhéadfadh a bheith bagrach don bheatha, agus is minic go dtógann cóireáil na n-othar seo níos mó ama agus foirne. Bígí foighneach linn le bhur dtoil.

TRIÁIS

Is measúnú tosaigh é triáis. Cinneann sé cé chomh práinneach is atá do chás. Úsáidtear é seo ionas gur féidir linn na daoine is mó a bhfuil gá acu le cúram práinneach a fheiceáil ar dtús.

Ar an drochuair, d'fhéadfaí go gciallódh sé seo go gcaithfidh daoine áirithe fanacht níos faide ná daoine eile.

Déanfaidh an dochtúir san RÉ an cinneadh tar éis measúnú a dhéanamh ort.

Cén fáth a bhfuil mé ag fanacht?

Cén fáth nach bhfeicfear mé níos luaithe?

1. LÁITHREACH
2. AN-PHRÁINNEACH
3. PRÁINNEACH
4. NEAMHPHRÁINNEACH
5. NÍOS LÚ PRÁINNE

Deir an DT go dteastaíonn scanadh práinneach/athbhr eithniú speisialtachta uaim. An ndéanfar inniu é?

3. CÓIREÁIL

Athbheochan má tá gortuithe nó breoiteacht atá bagrach don bheatha ort

Cóireáil má tá gortuithe nó tinneas tromchúiseach ort

Cóireáil má tá gortuithe nó breoiteacht níos lú práinne agat

Cúnamh eile, ar nós fisiteiripe, ó ghairmí sláinte nó cúraim shóisialta

TÁSTÁLACHA & SCANADH



Tar éis measúnú a dhéanamh, cinnfidh an dochtúir éigeandála an bhfuil x-ghathanna, scanadh, tástáil fola, fual nó tástálacha eile ag teastáil uait. Seans go mbeidh ort fanacht agus do thorthaí á bpróiseáil againn agus an cinneadh á dhéanamh faoin gcaoi is fearr le caitheamh leat.

Nuair a ordaítear é, déantar scananna d'othair RÉ chomh luath agus a bhíonn fáil orthu. Nuair a bhíonn an scanadh críochnaithe, tá am feithimh breise ann chun an tuairisc a ionchur ar ár gcóras, ní féidir an feitheamh seo a sheachaint agus féadfaidh sé cúpla uair an chloig a ghlacadh lena phróiseáil.